# CINNEADH (CBES) 2023/1599 ÓN gCOMHAIRLE

## an 3 Lúnasa 2023

## maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2023, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an tSaiheil agus le tíortha cósta na hAfraice Thiar, lena ndearbhaíodh go bhfuil an réigiún sin fós ina thosaíocht ag an Aontas d'ainneoin na staide slándála agus polaitiúla atá ag dul in olcas. D'aontaigh an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime a fhorbairt chun rannpháirtíocht nithiúil agus oiliúint agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do stáit chósta Mhurascaill na Guine. Meabhraíodh don Chomhairle go bhfuil an tAontas le Comhairleoirí Míleata a imscaradh freisin i dtoscaireachtaí an Aontais chun an iarracht sin a threorú.

(2) An 29 Meitheamh 2023, d'fhormheas an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime le haghaidh comhpháirtíocht slándála agus cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Coincheap Bainistithe Géarchéime'). Tá an Coincheap Bainistithe Géarchéime bunaithe ar chur chuige comhtháite maidir le comhpháirtíocht slándála agus cosanta leis na tíortha sin, lena n-áirítear Misean a bhunú faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) ('an Misean'), arna chomhlánú le Comhairleoirí Míleata a imscaradh i dtoscaireachtaí an Aontais, i gcomhar le bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata a sholáthar agus i sineirgíocht le tionscadail a bhaineann leis an tslándáil. Moltar sa Choincheap Bainistithe Géarchéime go n-ainmneofaí an Misean 'Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine'.

(3) I litir dar dáta an 6 Iúil 2023, d'iarr Uachtarán Phoblacht Bheinin ar an Aontas an Misean a imscaradh ar a chríoch.

(4) I litir dar dáta an 10 Iúil 2023, d'iarr Uachtarán Phoblacht Ghána ar an Aontas an Misean a imscaradh ar a chríoch.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Misean a bhunú i mBeinin agus i nGána. Ba cheart an Chomhairle a bheith in ann cinneadh a dhéanamh ina dhiaidh sin chun an Misean a leathnú chuig tíortha eile san Afraic Thiar i Murascaill na Guine a leagtar amach sa Choincheap Bainistithe Géarchéime, arna iarraidh sin dóibh.

(6) Ba cheart don Choiste Polaitiúil agus Slándála, faoi fhreagracht na Comhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, rialú polaitiúil a fheidhmiú ar an Misean, treoir straitéiseach a chur ar fáil di agus na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(7) Ba cheart colún sibhialtach a bheith ag an Misean, faoi cheannas agus faoi rialú straitéiseach Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí, agus colún míleata, faoi cheannas agus rialú straitéiseach Ceannasaí Míleata. Ba cheart don Chomhaonad um Chomhordú Tacaíochta a áirithiú, faoi chomhchathaoirleacht Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí agus an Cheannasaí Míleata, comhleanúnachas an tslabhra ceannais.

(8) Ba cheart don Chumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta a bheith ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun colún sibhialtach an Mhisin a phleanáil agus a sheoladh. Ba cheart é a threisiú chun críoch an Mhisin trí aonad sibhialtach ceannais agus tacaíochta.

(9) Struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata sa Bhruiséil ba cheart a bheith sa Chumas Míleata Pleanála agus Seolta, agus ba cheart dó a bheith freagrach as pleanáil agus seoladh oibríochtúil cholún míleata an Mhisin. Ba cheart é a threisiú chun críoch an Mhisin trí aonad míleata ceannais agus tacaíochta.

(10) Ba cheart do cheann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus rialaithe na feidhmeanna céanna a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le colún sibhialtach an Mhisin mar an Ceann Misin i misean sibhialtach CBSC. Ba cheart do cheann an aonaid mhíleata ceannais agus rialaithe na feidhmeanna céanna a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le colún míleata an Mhisin agus atá ag Ceannasaí Fórsa an Mhisin i misean míleata CBSC.

(11) Ní mór comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann le stádas aonad agus pearsanra faoi stiúir an Aontais agus le rannpháirtíocht tríú Stáit sa mhisean.

(12) De bhun Airteagal 41(2) CAE, ba cheart caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as colún sibhialtach an Mhisin a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais, agus ba cheart do na Ballstáit caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as colún míleata an Mhisin a sheasamh i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]).

(13) Cuirfear an Misean i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 CAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Roinn I

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 1*

**Bunú**

1. Seolfaidh an tAontas Misean faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a mbeidh sé mar chuspóir straitéiseach aige cabhrú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ina bhfuil an Misean sin bunaithe cumais leordhóthanacha a fhorbairt laistigh dá bhfórsaí slándála agus cosanta chun smacht a choinneáil ar an mbrú atá ar ghrúpaí armtha sceimhlitheoireachta agus freagairt dó.

2. Ainmneofar an Misean dá dtagraítear i mír 1 'Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine' ('an Tionscnamh').

3. Leis seo, déantar an Misean a bhunú i mBeinin agus i nGána.

4. Féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh go ndéanfar an Tionscnamh a bhunú freisin i dtíortha eile san Afraic Thiar i Murascaill na Guine a leagtar amach sa Choincheap Bainistithe Géarchéime le haghaidh comhpháirtíocht slándála agus cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, arna bhformheas ag an gComhairle an 29 Meitheamh 2023, arna iarraidh sin do na tíortha sin.

*Airteagal 2*

**Sainordú**

1. Agus an cuspóir straitéiseach a leagtar amach in Airteagal 1(1) á shaothrú, a mhéid a bhaineann leis na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3), leis an Tionscnamh, déanfar an méid seo a leanas:

a) rannchuideofar le hathléimneacht a fheabhsú i limistéir leochaileacha ina réigiúin thuaisceart trí fhothú acmhainneachta a gcuid fórsaí slándála agus cosanta;

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

b) cuirfear oiliúint oibríochtúil réamh-imscartha ar fáil dá bhfórsaí slándála agus cosanta;

c) tacófar le feabhas a chur ar fhórsaí slándála agus cosanta i réimsí teicniúla;

d) cuirfear an smacht reachta agus an dea-rialachas chun cinn ina earnálacha slándála, ag díriú ar na fórsaí slándála agus cosanta, agus tacófar le cothú muiníne idir an tsochaí shibhialta agus fórsaí slándála agus cosanta.

2. Déanfar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus prionsabal an chomhionannais inscne, cosaint na sibhialtach agus na cláir oibre faoi Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus Rún 1612 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chomhtháthú go hiomlán agus a phríomhshruthú go réamhghníomhach i bpleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, i ngníomhaíochtaí agus i dtuairisciú an Tionscnaimh.

3. I gcur chuige solúbtha modúlach, agus de réir mar is gá chun a chúraimí a chur chun feidhme, déanfaidh an Tionscnamh foirne oiliúna soghluaiste, saineolaithe ar cuairt agus foirne freagartha géarchéime a imscaradh go sonrach chuig na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3). Cuirfidh an Tionscnamh tionscadail shibhialtacha agus mhíleata chun feidhme sna tíortha sin chun cuspóir straitéiseach an Tionscnaimh agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a shaothrú.

4. Éascóidh an Tionscnamh cur chun feidhme na mbeart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a fhéadfaidh an Chomhairle a chinneadh mar thaca do na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

*Airteagal 3*

**Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach**

1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach an Tionscnaimh. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Áireofar san údarú sin na cumhachtaí chun na doiciméid phleanála a leasú, lena n-áirítear Plean Oibríochta do cholún sibhialtach an Tionscnaimh agus an Plean Misin do cholún míleata an Tionscnaimh, mar aon leis an slabhra ceannais. Áireofar ann freisin cumhachtaí chun cinntí a ghlacadh maidir le ceapadh chinn na n-aonad sibhialtach agus míleata ceannais agus tacaíochta. Leanfaidh cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus foirceannadh an Tionscnaimh de bheith dílsithe don Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

3. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, ar bhonn rialta, tuarascálacha ó chathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) maidir le gníomhaíochtaí cholún míleata an Tionscnaimh. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, ar bhonn rialta agus de réir mar is gá, tuarascálacha ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha maidir le gníomhaíochtaí cholún sibhialtach an Tionscnaimh. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus don Cheannasaí Míleata chuig na cruinnithe dá chuid, mar is iomchuí.

*Airteagal 4*

**Slabhra ceannais agus struchtúr**

1. Beidh slabhra ceannais aontaithe ag an Tionscnamh ós oibríocht bainistithe géarchéime é.

2. Is sa Bhruiséil a bheidh ceanncheathrú an Tionscnaimh.

3. Beidh colún sibhialtach ag an Tionscnamh, faoi cheannas agus faoi rialú straitéiseach Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí ('an colún sibhialtach'), agus colún míleata faoi cheannas agus rialú straitéiseach an Cheannasaí Míleata ('an colún míleata').

4. Déanfaidh an Comhaonad um Chomhordú Tacaíochta a áirithiú, faoi chomhchathaoirleacht Cheannasaí na hOibríochta Sibhialtaí agus an Cheannasaí Míleata, comhleanúnachas an tslabhra ceannais.

Roinn II

**Colún sibhialtach**

*Airteagal 5*

**Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha**

1. Is é Stiúrthóir Bainistíochta an Chumais Sibhialtaigh Pleanála agus Seolta (CPCC) a bheidh ina Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha don cholún sibhialtach.

2. Beidh an CPCC ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun an colún sibhialtach a phleanáil agus a stiúradh.

3. Is é an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, faoi rialú polaitiúil agus faoi stiúradh straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus údarás foriomlán an Ardionadaí, a bheidh i gceannas ar an gcolún sibhialtach agus a rialóidh é ar an leibhéal straitéiseach.

4. Áiritheoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha go gcuirfear cinntí na Comhairle agus an Choiste Pholaitiúil agus Slándála chun feidhme go cuí agus go héifeachtach maidir le hoibríochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear trí threoracha a eisiúint ar an leibhéal straitéiseach chuig foireann cholún sibhialtach de réir mar a cheanglaítear agus trí chomhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil dóibh.

5. Tuairisceoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha don Chomhairle tríd an Ardionadaí.

6. Maidir leis an bhfoireann uile ar iasacht chuig an gcolún sibhialtach, fanfaidh sí, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, faoi cheannas iomlán údaráis náisiúnta Stát tionscnaimh na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), de réir mar is iomchuí. Aistreoidh na húdaráis náisiúnta, institiúidí de chuid an Aontais nó SEGS, de réir mar is iomchuí, rialú oibríochtúil a bhfoirne ar iasacht chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

7. Beidh sé de fhreagracht fhoriomlán ar an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha a áirithiú go gcomhlíonfar dualgas cúraim an Aontais mar is ceart don fhoireann sa cholún sibhialtach.

8. Rachaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus cinn thoscaireachtaí an Aontais chuig na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3) i gcomhairle le chéile de réir mar is gá.

*Airteagal 6*

**Ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta**

1. Déanfar an CPCC a threisiú chun críoch an Tionscnaimh trí aonad sibhialtach ceannais agus tacaíochta.

2. Glacfaidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta freagracht as colún sibhialtach agus feidhmeoidh sé ceannas agus rialú air, ar an leibhéal oibríochtúil. Beidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta freagrach go díreach don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus gníomhóidh an duine sin i gcomhréir leis na treoracha ón gCeannasaí Oibríochta Sibhialtacha.

3. Beidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta ina ionadaí ar an gcolún sibhialtach ina réimse freagrachta.

4. Is ar cheann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta a bheidh freagracht riaracháin agus lóistíochta an cholúin shibhialtaigh, lena n-áirítear freagracht as na sócmhainní, na hacmhainní agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil don cholún sibhialtach. Féadfaidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta cúraimí bainistíochta i gcúrsaí foirne agus airgeadais a tharmligean chuig baill foirne de chuid an cholúin shibhialtaigh, faoi fhreagracht fhoriomlán cheann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta

5. Is é ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta a bheidh freagrach as rialú araíonachta ar fhoireann cholún sibhialtach. Maidir leis an bhfoireann uile ar iasacht, is iad údaráis náisiúnta an Stáit tionscnaimh, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a thionscnóidh caingean araíonachta.

6. Áiritheoidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta infheictheacht iomchuí an cholúin shibhialtaigh.

*Airteagal 7*

**Foireann**

1. Is foireann ar iasacht ó na Ballstáit, ó institiúidí an Aontais nó ó SEGS a bheidh go príomha sa cholún sibhialtach. Íocfaidh gach Ballstát, gach institiúid de chuid an Aontais agus SEGS na costais a bhaineann le haon duine den fhoireann a bheidh ar iasacht aige, lena n-áirítear speansais taistil chuig áit an imscartha agus uaidh, tuarastail, cumhdach leighis agus liúntais seachas na liúntais laethúla is infheidhme.

2. Is iad an Ballstát, an institiúid de chuid an Aontais, nó SEGS, de réir mar is iomchuí a bheidh freagrach as aon éilimh a fhreagairt a bhaineann le baill foirne a thabhairt ar iasacht nó maidir lena mbaill foirne a thug siad ar iasacht don cholún sibhialta, agus as aon chaingean a thionscnamh i gcoinne na ndaoine sin.

3. Féadfaidh an colún sibhialtach baill foirne idirnáisiúnta agus áitiúla a earcú ar bhonn conarthach mura féidir le pearsanra ar iasacht ó na Ballstáit na feidhmeanna is gá a chur ar fáil. Go heisceachtúil, i gcásanna cuí-réasúnaithe, nuair nach bhfuil aon iarratasóirí cáilithe ó na Ballstáit ar fáil, féadfar náisiúnaigh ó thríú Stáit rannpháirteacha a earcú ar bhonn conarthach.

4. Leagfar síos coinníollacha fostaíochta agus cearta agus oibleagáidí na foirne idirnáisiúnta agus áitiúla sa cholún sibhialtach sna conarthaí idir an colún sibhialtach agus an ball foirne lena mbaineann.

*Airteagal 8*

**An tslándáil**

1. Stiúrfaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha an phleanáil maidir le bearta slándála don cholún sibhialtach agus áiritheoidh sé go gcuirfidh an Tionscnamh na bearta sin chun feidhme go cuí agus go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Beidh ceann an aonaid shibhialtaigh ceannais agus tacaíochta freagrach as slándáil an cholúin shibhialtaigh agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais slándála is infheidhme maidir leis, i gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V CAE, agus i gcomhréir le hionstraimí tacaíochta an bheartais sin.

3. Cuirfear oiliúint slándála éigeantach ar fhoireann an cholúin shibhialtaigh sula rachaidh siad i mbun a gcuid dualgas, i gcomhréir leis an bPlean Oibríochta. Gheobhaidh siad oiliúint athnuachana rialta ar láthair na n-oibríochtaí freisin, rud a eagróidh an tOifigeach Slándála.

4. Áiritheoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([2]).

*Airteagal 9*

**Socruithe dlíthiúla**

Beidh sé d'acmhainn ag an gcolún sibhialtach seirbhísí agus soláthairtí a fháil, conarthaí agus socruithe riaracháin a dhéanamh, foireann a fhostú, cuntais bhainc a shealbhú, sócmhainní a fháil agus a dhiúscairt agus a dhliteanais a urscaoileadh, agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, de réir mar is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

([2]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

*Airteagal 10*

**Socruithe airgeadais**

1. EUR 1 075 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an gcolún sibhialtach a chumhdach ar feadh 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.

2. Bainisteofar an caiteachas uile a bhaineann leis an gcolún sibhialtach i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. Beidh rannpháirtíocht daoine nádúrtha agus dlítheanacha i ndámhachtain conarthaí soláthair ag an gcolún sibhialtach ar oscailt gan teorainneacha. Thairis sin, ní bheidh feidhm ag aon riail tionscnaimh maidir le hearraí arna gceannach ag an gcolún sibhialtach. Faoi réir fhormheas an Choimisiúin, féadfaidh an colún sibhialtach socruithe teicniúla a thabhairt i gcrích leis na Ballstáit, leis na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3), le tríú Stáit rannpháirteacha agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile maidir le trealamh, seirbhísí agus áitribh a sholáthar don cholún sibhialtach.

3. Beidh an colún sibhialtach freagrach as a bhuiséad a chur chun feidhme. Chun na críche sin, síneoidh an colún sibhialtach comhaontú leis an gCoimisiún. Urramóidh na socruithe airgeadais an slabhra ceannais dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6 agus riachtanais oibríochtúla an Tionscnaimh.

4. Tuairisceoidh an colún sibhialtach go hiomlán don Choimisiún, agus déanfaidh an Coimisiún maoirseacht air, maidir leis na gníomhaíochtaí airgeadais arna ndéanamh faoi chuimsiú a gcomhaontaithe dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh an caiteachas a bhaineann le colún sibhialtach incháilithe ó dháta glactha an Chinnidh seo.

*Airteagal 11*

**Aonad tionscadail shibhialtaigh**

1. Beidh aonad tionscadail shibhialtaigh ag an gcolún sibhialtach chun tionscadail shibhialtacha a shainaithint agus a chur chun feidhme chun tacú lena chúraimí a leagtar amach in Airteagal 2(1).

2. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann leis an gcolún sibhialtach, déanfaidh an t-aonad tionscadail shibhialtaigh na tionscadail sin a éascú agus cuirfidh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

3. Faoi réir mhír 5, údarófar an colún sibhialtach dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a shainaithneofar mar bhearta lena bhforlíontar gníomhaíochtaí eile an Tionscnaimh ar bhealach comhsheasmhach, más amhlaidh:

(a) go bhforáiltear don tionscadal sa ráiteas airgeadais a bhaineann leis an gCinneadh seo; nó

(b) go ndéantar an tionscadal a chomhtháthú le linn sainordaithe an Tionscnaimh trí bhíthin leasú a dhéanamh ar an ráiteas airgeadais arna iarraidh ag an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

4. Rachaidh an colún sibhialtach i mbun socrú le húdaráis ábhartha na Stát dá dtagraítear i mír 3, socrú, lena gcumhdófar na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearán ó thríú páirtithe maidir le damáiste arna dhéanamh mar thoradh ar ghníomhartha nó ar neamhghníomh de chuid an cholúin siibhialtaigh maidir le húsáid na gcistí arna soláthar ag na Stáit sin.

5. Ní fhéadfaidh na Stáit dá dtagraítear i mír 3 in imthosca ar bith an tAontas ná an tArdionadaí a chur faoi dhliteanas as gníomhartha nó as neamhghníomhartha arna ndéanamh ag an gcolún sibhialtach agus na cistí arna soláthar ag na Stáit sin á n-úsáid acu.

6. Tiocfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais ó thríú Stáit a thabhairt don aonad tionscadail shibhialtaigh.

Roinn III

**Colún míleata**

*Airteagal 12*

**Ceannasaí Míleata**

1. Is é Stiúrthóir an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a bheidh ina Cheannasaí Míleata don cholún míleata.

2. Struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata lasmuigh de limistéar na n-oibríochtaí a bheidh in MPCC, a bheidh freagrach as pleanáil agus seoladh oibríochtúil an cholúin mhíleata.

3. Is é an Ceannasaí Míleata, faoi rialú polaitiúil agus faoi stiúradh straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus údarás foriomlán an Ardionadaí, a bheidh i gceannas ar an gcolún míleata agus a rialóidh é ar an leibhéal straitéiseach.

4. Áiritheoidh an Ceannasaí Míleata go gcuirfear cinntí na Comhairle agus an Choiste Pholaitiúil agus Slándála chun feidhme go cuí agus go héifeachtach maidir le hoibríochtaí an cholúin mhíleata a sheoladh, lena n-áirítear trí threoracha a eisiúint chuig a phearsanra.

5. Tuairisceoidh an Ceannasaí Míleata don Chomhairle tríd an Ardionadaí.

6. Maidir leis an bhfoireann uile atá ar iasacht leis an gcolún míleata, fanfaidh sí, faoi cheannas iomlán údaráis náisiúnta an Stáit tionscnaimh i gcomhréir le rialacha náisiúnta, na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, de réir mar is iomchuí. Aistreoidh na húdaráis náisiúnta sin, an institiúid de chuid an Aontais nó SEGS, de réir mar is iomchuí, rialú oibríochtúil a bhfoirne atá ar iasacht chuig an gCeannasaí Míleata

7. Beidh sé de fhreagracht fhoriomlán ar an gCeannasaí Míleata a áirithiú go gcomhlíonfar dualgas cúraim an Aontais mar is ceart don fhoireann sa cholún míleata.

*Airteagal 13*

**Ceann an aonaid mhíleata ceannais agus tacaíochta**

1. Déanfar CPCC a threisiú chun críoch an Tionscnaimh trí aonad míleata ceannais agus tacaíochta.

2. Glacfaidh ceann an aonaid mhíleata ceannais agus tacaíochta freagracht as an gcolún míleata agus beidh sé i gceannas agus rialóidh sé é, ar an leibhéal oibríochtúil.

3. Beidh ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta mhíleata freagrach go díreach don Cheannasaí Míleata agus gníomhóidh an duine sin i gcomhréir leis na treoracha ón gCeannasaí Oibríochta Sibhialtacha.

*Airteagal 14*

**Treoir mhíleata**

1. Déanfaidh EUMC faireachán ar chur i gcrích cuí na gcúraimí ag an gcolún míleata, arna dhéanamh faoi fhreagracht an Cheannasaí Mhíleata.

2. Gheobhaidh EUMC tuarascálacha ón gCeannasaí Míleata ar bhonn rialta. Féadfaidh EUMC cuireadh a thabhairt don Cheannasaí Míleata agus do cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta mhíleata chuig a chruinnithe, de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeoidh cathaoirleach EUMC mar phríomhphointe teagmhála leis an gCeannasaí Míleata.

*Airteagal 15*

**Socruithe airgeadais**

1. Riarfar costais choiteanna an cholúin mhíleata i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.

2. EUR 179 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais do chostais choiteanna an cholúin mhíleata a chumhdach ar feadh 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 30 % le haghaidh gealltanas agus 15 % le haghaidh íocaíochtaí. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.

*Airteagal 16*

**Aonad tionscadail mhíleata**

1. Beidh aonad tionscadail mhíleata ag an gcolún míleata chun tionscadail a bhfuil impleachtaí míleata acu a shainaithint agus a chur chun feidhme chun tacú lena chúraimí a leagtar amach in Airteagal 2(1).

2. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann leis an gcolún míleata, déanfaidh an t-aonad tionscadail mhíleata sin na tionscadail sin a éascú agus cuirfidh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

3. Faoi réir mhír 5, údarófar an Ceannasaí Míleata dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a shainaithneofar mar bhearta lena bhforlíontar gníomhaíochtaí eile an colún míleata ar bhealach comhsheasmhach.

4. Féadfaidh an tSaoráid Eorpach Síochána na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

5. Ní bheidh, in imthosca ar bith, an tAontas ná an tArdionadaí faoi dhliteanas ag na Stáit dá dtagraítear i mír 3 mar thoradh ar ghníomhartha nó ar neamhghníomhartha a dhéanfadh an colún míleata maidir leis an úsáid a bhainfí as cistí ó na Stáit sin.

6. Tiocfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais ó thríú Stáit a thabhairt don aonad tionscadail mhíleata.

Roinn IV

**Forálacha críochnaitheacha**

*Airteagal 17*

**Comhsheasmhacht fhreagairt agus chomhordú an Aontais**

1. Áiritheoidh an tArdionadaí cur chun feidhme an Chinnidh seo agus a chomhchuibheas le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an iomlán, lena n-áirítear cláir forbartha an Aontais agus a chláir um chúnamh daonnúil.

2. Rachaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, an Ceannasaí Míleata agus cinn thoscaireachtaí an Aontais chuig na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3) i gcomhairle le chéile de réir mar is gá.

3. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh ceann na n-aonad ceannais agus tacaíochta sibhialtach agus ceann na n-aonad ceannais agus tacaíochta míleata treoir pholaitiúil áitiúil ó chinn thoscaireachtaí an Aontais chuig na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

4. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh an fhoireann arna himscaradh i dtoscaireacht de chuid an Aontais chuig tír dá dtagraítear in Airteagal 1(3) treoir pholaitiúil áitiúil ó cheann na toscaireachta sin.

5. Faoin Tionscnamh, comhordófar a chuid gníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí déthaobhacha na mBallstát i réimse na slándála agus na cosanta sna tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus, de réir mar is iomchuí, le comhpháirtithe agus eagraíochtaí réigiúnacha atá ar aon intinn leo, go háirithe Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar agus Tionscnamh Accra.

*Airteagal 18*

**Rannpháirtíocht tríú Stáit**

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ná dá chreat institiúideach aonair, agus i gcomhréir le treoirlínte ábhartha na Comhairle Eorpaí, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach sa tionscnamh.

2. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do thríú Stáit rannchuidiú a thairiscint agus cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le glacadh leis an rannchuidiú atá beartaithe, ar mholadh ón gCeannasaí Míleata agus ó EUMC, nó ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha faoi seach.

3. Cumhdófar socruithe mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). I gcás ina mbeidh comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú Stát lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht an tríú Stát i misin bainistíochta géarchéime de chuid an Aontais, beidh feidhm ag forálacha an chomhaontaithe úd i gcomhthéacs an Tionscnaimh.

4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag tríú Stáit, a thugann rannchuidiú don cholún sibhialtach nó a thugann rannchuidiú suntasach míleata don cholún míleata, ó thaobh bhainistiú laethúil an Tionscnaimh agus atá ag na Ballstáit atá rannpháirteach sa Tionscnamh.

5. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le coiste ranníocóirí sibhialtach nó míleata a chur ar bun, i gcás ina dtabharfadh tríú Stáit rannchuidiú don cholún sibhialtach nó rannchuidiú suntasach míleata don cholún míleata.

*Airteagal 19*

**Stádas an Tionscnaimh agus a phearsanra**

Beidh stádas an Tionscnaimh agus a phearsanra, lena n-áirítear na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá chun a misean a chomhlíonadh agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag an Aontas le gach ceann de na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.

*Airteagal 20*

**Scaoileadh faisnéise**

1. Údarófar an tArdionadaí faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, arna giniúint chun críocha an Tionscnaimh, a scaoileadh leis na tríú Stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais an Tionscnaimh, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE:

(a) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sna comhaontuithe um shlándáil faisnéise is infheidhme arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú Stát lena mbaineann; nó

(b) suas go dtí an leibhéal 'CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL' i gcásanna eile.

2. I gcás ina mbeidh gá oibríochtúil sonrach agus láithreach ann, údarófar an tArdionadaí aon fhaisnéis rúnaicmithe AE suas go dtí an leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED, arna giniúint chun críocha an Tionscnaimh, a scaoileadh chuig an tír ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(3),i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar socruithe idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla na tíre sin a tharraingt suas chun na críche sin.

3. Údarófar an tArdionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil leis an Tionscnamh agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a scaoileadh le tríú stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo ([3]).

([3]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

4. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig foireann SEGS, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha nó chuig an gCeannasaí Míleata.

*Airteagal 21*

**Pleanáil agus seoladh an Tionscnaimh**

Is í an Chomhairle a ghlacfaidh an Cinneadh chun an Tionscnamh a sheoladh ar éis don phlean oibríochta maidir leis an gcolún sibhialtach agus don phlean misin, lena n-áirítear na rialacha aontaithe comhraic, don cholún míleata, a bheith formheasta..

*Airteagal 22*

**Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a sheolfar an Tionscnamh de bhun Airteagail 21.

3. Déanfar an Cinneadh seo a aisghairm i gcomhréir leis na pleananna a formheasadh le haghaidh fhoirceannadh an Tionscnaimh, agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais an cholúin mhíleata a iniúchadh agus a thíolacadh, a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Lúnasa 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS